AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 21.10.2011
COIM(2011) 663 leagan deireanach

2011/0290 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle maidir le bearta soláthair faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Déantar idirdhealú idir dhá chineál gnímh de chuid an Choimisiúin in Airteagal 290 agus in Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):

Féadfaidh an reachtóir, trí bhíthin Airteagal 290 den CFAE, cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú. Is mar 'ghníomhartha tarmligthe' (Airteagal 290(3)) a thagraítear sa Chonradh do ghníomhartha dlíthiúla a ghlacann an Coimisiún ar an gcaoi seo.

In Airteagal 291 den CFAE, ceadaítear do na Ballstáit bearta uile an dlí náisiúnta a ghlacadh is gá chun gníomhartha Aontais atá ina gceangal de réir dlí a chur chun feidhme. Is féidir cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún leis na gníomhartha sin i gcás inar gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun iad a chur chun feidhme. Sa téarmaíocht a úsáidtear sa Chonradh is mar 'ghníomhartha cur chun feidhme' (Airteagal 291(4)) a thagraítear do ghníomhartha dlíthiúla arna nglacadh ag an gCoimisiún ar an gcaoi seo.

Tá sé mar chuspóir ag an togra reatha Rialachán (CE) Uimh. 3/2008[1] ón gComhairle an 17 Nollaig 2007 maidir le bearta soláthair faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha, a ailíniú leis na forálacha sin den CFAE.

Faoin togra reatha, is é an Reachtóir a chinneann na cuspóirí agus na prionsabail agus eilimintí fíor-riachtanacha eile an bheartais maidir le bearta soláthair faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, is é an Reachtóir a shocraíonn cuspóirí an bheartais áirithe sin agus prionsabail an chur chuige straitéisigh, an chláraithe, na comlántachta, na comhsheasmhachta agus na comhréireachta le beartais eile an Aontais.

Ar an dóigh chéanna, leagann an Reachtóir síos prionsabail na comhpháirtíochta, na coimhdeachta agus an chomhionannais idir fir agus mná mar aon le prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Ba cheart don Choimisiún an bhrí atá le clár faisnéise agus cur chun cinn a shocrú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe (Airteagal 1(1)). Ar an gcuma chéanna, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe chun na tréithe sin nach mór do theachtaireachtaí faisnéise agus cur chun cinn sna cláir a chomhlíonadh a chinneadh le cur le hoibiachtúlacht na dteachtaireachtaí seo chomh maith le cosaint a thabhairt do thomhaltóirí (Airteagal 1(3)). Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún liostaí a tharraingt suas de théamaí, de tháirgí agus de thríú tíortha a d'fhéadfaí a chur san áireamh faoi na bearta sin (Airteagal 4). Glacfaidh sé chomh maith céanna rialacha do chláir faisnéise agus chur chun cinn (Airteagal 5). Ina theannta sin, glacfaidh sé rialacha sonracha maidir le cláir atá le feidhmiú i dtríú tíortha i gcomhpháirt le heagraíochtaí idirnáisiúnta d'fhonn go bhfeidhmeodh siad gan deacracht (Airteagal 6). Chun an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as maoiniú an Aontais, is féidir leis tuilleadh tosaíochtaí a shainiú i dtaobh roghnú na gclár de bhreis orthu sin atá leagtha síos cheana ag an Reachtóir (Airteagal 8(1)).

[1] IO L 3, 5.1.2008, lch. 1.

Ina theannta sin, ba cheart don Reachtóir an chumhacht a bhronnadh ar an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 291(2) den Chonradh, maidir le coinníollacha aonfhoirmeacha do réamhroghnú na gclár ag Ballstáit (Airteagal 7) agus a roghnú ag an gCoimisiún (Airteagal 8), an nós imeachta i gcásanna nach bhfuil cláir ar fáil (Airteagal 9), comhlachtaí cur chun feidhme a fhormheas (Airteagal 11(4)), úsáid ábhair agus faireachán ar chláir (Airteagal 12(3)), rialacha mionsonraithe maidir le maoiniú na gclár, tabhairt i gcrích conarthaí ar mhaithe le cur chun feidhme na gclár, soláthar urrús, rialacha mionsonraithe maidir le híocaíochtaí neamhdhlite agus gnóthú na híocaíochtaí sin, rialacha mionsonraithe maidir le seiceálacha agus pionóis (Airteagal 13(9)).

Mar chríoch, meastar an oiread sin tábhachta a bheith ag roinnt leis na forálacha atá feidhmithe go dtí seo ag an gCoimisiún faoi na cumhachtaí a tugadh dó i Rialachán (CE) Uimh. 3/2008, gur cheart iad a chorprú sa Rialachán sin. Sa mhéid a bhaineann (i) le bearta faisnéise agus bearta cur chun cinn ar an margadh inmheánach a fhaigheann tacaíocht faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe a eisiamh ó thacaíocht faoi Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 le súil agus an baol go dtarlódh maoiniú dúbailte a sheachaint (cf. Airteagal 15[2] de Rialachán (CE) Uimh 501/2008 ón gComhairle[2]); (ii) leis an prionsabal a deir gur cheart d'eagraíochtaí tairisceana urrúis a thaisceadh mar ráthú ar chur chun feidhme cuí na gclár ar mhaithe le dea-bhainistiú bhuiséad an Aontais a áirithiú (cf. Airteagal 16[3] de Rialachán (CE) Uimh 501/2008) agus (iii) leis an prionsabal a deir go bhféadfaí pionóis a ghearradh ar na heagraíochtaí sin má theipeann orthu a ndualgais a chomhlíonadh (cf. Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh 501/2008).

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Níor ghá dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ná measúnú tionchair a dhéanamh ós rud é gur ábhar idirinstitiúideach a bhaineann le gach Rialachán ón gComhairle atá sa togra maidir le Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle a ailíniú leis an CFAE.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- Achoimre ar an Togra

Cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle a shainaithint agus an nós imeachta iomchuí maidir le glacadh na ngníomhartha sin a bhunú.

Cuid de na forálacha a bhí á bhfeidhmiú go dtí seo ag an gCoimisiún a chorprú i Rialachán (CE) Uimh 3/2008.

- Bunús dlí

Dearbhú maidir le hAirteagal 42 agus le hAirteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- Prionsabal na coimhdeachta

[2] IO L 147, 6.6.2008, lch. 3

Déanann beartas cur chun cinn agus faisnéise an AE forlíonadh agus treisiú ar na scéimeanna a riarann na Ballstáit trí íomhá táirgí a mhéadú i súile tomhaltóirí san AE agus i dtríú tíortha, go háirithe maidir le cáilíocht, luach cothaitheach agus sábháilteacht bia-ábhair agus na modhanna táirgthe. Trí chuidiú le margaí nua a oscailt i dtríú tíortha, is é is dóichí go mbeidh éifeacht iolraitheora ar thionscnaimh náisiúnta agus phríobháideacha ag beart den sórt sin.

Tagann an togra faoi inniúlacht atá roinnte idir an AE agus na Ballstáit agus comhlíonann sé prionsabal na coimhdeachta.

- Prionsabal na comhréireachta

De thoradh ar léirscaoileadh trádála, ina gcuímsítear trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus bia, éiríonn an malartú trádála idir Bhallstáit an AE agus tríú tíortha níos tábhachtaí de réir a chéile. Mar sin féin, tá teorainn curtha leis an tacaíocht a fhaigheann táirgeoirí an AE a bhíonn in iomaíocht, i margaí an AE agus i margaí domhanda, le táirgeoirí neamh-AE (e.g. aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin). Tá an rialachán maidir le bearta soláthair faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha ina ionstraim ríthábhachtach atá comhsheasmhach le creat nua Chomhaontú ar thalmhaíocht an EDT.

Titeann freagracht ar ndóigh ar an AE maidir le caighdeán ardcháilíochta tháirgí talmhaíochta an AE a chur chun cinn agus comhchláir chur chun cinn a spreagadh ina mbíonn breis agus tír amháin de chuid an AE páirteach nó breis agus aon earnáil talmhaíochta amháin páirteach.

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta.

- Rogha na hionstraime dlí

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an togra ar chaiteachas buiséadach.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

Níl eilimintí roghnacha i gceist.

2011/0290 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle maidir le bearta soláthair faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus d'Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[3],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[5],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 3/2008[6] ón gComhairle tugtar cumhachtaí don Choimisiún rialacha mionsonraithe a ghlacadh chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

(2) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, ní mór na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún le Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a ailíniú le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh).

(3) D'fhonn comhsheasmhacht agus éifeachtacht na mbeart dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a áirithiú, chomh maith le dea-bhainistiú a dhéanamh orthu agus an úsáid is éifeachtúla a bhaint as maoiniú an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na nithe seo a leanas: sainmhíniú a thabhairt ar chlár faisnéise agus cur chun cinn, na tréithe sin nach mór do na teachtaireachtaí faisnéise agus cur chun cinn a chomhlíonadh a shocrú, liostaí a tharraingt suas de na téamaí, de na táirgí agus de na tríú tíortha a fhéadfar a chlúdach faoi na bearta seo, rialacha a ghlacadh lena sainmhíneofar straitéis na gclár faisnéise agus cur chun cinn, rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na cláir a bheidh le cur chun feidhme i dtríú tíortha i gcomhpháirt le heagraíochtaí inmheánacha agus breis tosaíochtaí a

[3] IO C , , lch. .
[4] IO C , , lch. .
[5] IO C , , lch. .
[6] IO L 3, 5.1.2008, lch. 1.

shainmhíniú ar mhaithe le cláir de bhreis ar na cláir sin atá leagtha síos ag Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a roghnú. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(4) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú chun Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[7].

(5) Meastar an oiread sin tábhachta a bheith le roinnt de na forálacha atá feidhmithe go dtí seo ag an gCoimisiún faoi na cumhachtaí a tugadh dó i Rialachán (CE) Uimh. 3/2008, gur cheart iad a chorprú sa Rialachán sin. Baineann sé seo le (i) bearta faisnéise agus cur chun cinn atá ag fáil tacaíochta faoi scéimeanna eile de chuid an Aontais a eisiamh ó thacaíocht faoi Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 mar go mbeadh an baol ann go dtárlódh maoiniú dúbailte; (ii) an prionsabal a deir gur cheart d'eagraíochtaí tairisceana urrúis a thaisceadh mar ráthú ar chur chun feidhme cuí na gclár; agus (iii) an prionsabal a deir go bhféadfaí pionóis a ghearradh ar na heagraíochtaí sin má theipeann orthu a ndualgais a chomhlíonadh, d’fhonn dea-bhainistiú bhuiséad an Aontais a áirithiú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 mar seo a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 1:

"Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, tréithe na gclár faisnéise agus cur chun cinn agus tréimhse a gcur chun feidhme."

(b) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"3. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, tréithe na dteachtaireachtaí faisnéise agus cur chun cinn.

[7] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a bhaineann le Ballstáit ag ainmniú na n-údarás inniúla atá freagrach as cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i mír 1."

(2) Sa chéad mhír d'Airteagal 4, cuirtear an téacs seo a leanas in áit na chéad abairte:

"Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, liostaí a tharraingt suas de théamaí agus de tháirgí faoi Airteagal 3 agus de na tríú tíortha lena mbaineann."

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*"Airteagal 5*
**Straitéis na gclár faisnéise agus cur chun cinn**

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha a bheidh le leanúint agus straitéis na gclár faisnéise agus cur chun cinn ar an margadh inmheánach á sainmhíniú.

Tabharfaidh na rialacha sin tásca ginearálta, go háirithe mar a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) cuspóirí agus spriocanna a bheidh le baint amach;

(b) téama amháin nó níos mó a bheidh mar ábhar ag na bearta roghnaithe;

(c) na cineálacha beart a bheidh le cur chun feidhme;

(d) fad na gclár;

(e) dáileadh táscach, de réir an mhargaidh agus de réir chineál an bhirt atá beartaithe, den mhéid atá ar fáil do ranníocaíocht an Aontais le cláir.

Ag féachaint do chur chun cinn torthaí agus glasraí úra, tabharfar aird ar leith ar bhearta cur chun cinn a ceapadh do pháistí i scoileanna.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh lena sainmhíneofar an straitéis a bheidh le cur i bhfeidhm i dtairiscintí le haghaidh clár faisnéise agus cur chun cinn i dtríú tíortha maidir le roinnt de na táirgí, nó na táirgí ar fad, dá dtagraítear in Airteagal 3(2)."

(4) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ionas go gcuirfear chun feidhme na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a), (b) agus (c), Airteagal 2(2) agus Airteagal 2(3)(a), (b) agus (c), i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus faoi réir mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh na heagraíochtaí trádála agus/nó na heagraíochtaí idirthrádála a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála/na n-earnálacha lena mbaineann i nBallstát amháin nó níos mó nó ag leibhéal an Aontais tairiscintí a

tharraingt suas le haghaidh clár faisnéise agus cur chun cinn de thréimhse trí bliana ar a mhéid.”

(b) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 2:

“Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le cur chun feidhme beart cur chun cinn i dtríú tíortha, i gcás ina gcuirtear chun feidhme iad i gcomhpháirt le heagraíochtaí idirnáisiúnta."

(5) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 1:

'Scrúdóidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann cé chomh hoiriúnach is atá na tairiscintí le haghaidh clár agus fíoróidh siad comhréireacht na dtairiscintí leis an Rialachán seo, leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5 agus leis na sonraíochtaí ábhartha. Seiceálfaidh siad chomh maith céanna an dtugann clár luach maith ar airgead.'

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír de mhír 2:

"Má mheasann an Coimisiún go bhfuil clár a cuireadh isteach nó roinnt de na bearta ann ag teacht salach ar rialacha an Aontais nó, i gcás na mbeart a bheidh le déanamh ar an margadh inmheánach, ag teacht salach ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5, nó nach dtugann siad luach maith ar airgead, tabharfaidh sé fógra, laistigh de thréimhse socraithe ama, don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann maidir le neamhcháilitheacht iomlán an chláir sin nó páirte de. A luaithe is a imítear thar an teorainn ama seo gan fógra dá leithéid a sheoladh, measfar go bhfuil an clár incháilithe.

Cuirfidh Ballstát nó Ballstáit san áireamh aon bharúlacha a bheidh tugtha ag an gCoimisiún agus seolfaidh siad na cláir athbhreithnithe ar aghaidh chuige i gcomhréir leis an eagraíocht nó na heagraíochtaí tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 6(1) laistigh den teorainn ama atá leagtha síos."

(c) Cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

"3. Féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a shainiú trí ghníomhartha cur chun feidhme:

(a) na rialacha a bhaineann le tairiscintí le haghaidh clár a chur faoi bhráid na mBallstát,

(b) na ceanglais nach mór do na cláir a chomhlíonadh agus na critéir lena seiceálfar na cláir,

(c) rialacha a bhaineann le nós imeachta réamhroghnúcháin na mBallstát agus nós imeachta roghnúcháin an Choimisiúin agus na teorainneacha ama a bhaineann leo."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*
**Roghnúchán na gclár faisnéise agus cur chun cinn**

1. Agus cláir á roghnú, tabharfar tosaíocht do na cláir sin atá molta ag roinnt Ballstát éagsúil nó cláir a sholáthraíonn bearta i roinnt Ballstát nó tríú tíortha.

   Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, breis tosaíochtaí a shainiú maidir le roghnú clár.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh cad iad na cláir shonracha atá le roghnú, cinneadh ar aon mhodhnuithe a dhéanfar orthu agus ar na buiséid chomhfhreagracha."

(3) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Sa chás nach mbeadh cláir ar fáil le tabhairt fúthu sa mhargadh inmheánach ar mhaithe le ceann amháin nó níos mó de na bearta faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1), déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, ar bhonn gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), clár a tharraingt suas maille lena shonraíocht agus roghnóidh siad, trí iarratas poiblí ar thairiscintí, an comhlacht cur chun feidhme don chlár atá beartaithe aige a chómhaoiniú."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 2:

"Sa chás nach mbeadh cláir ar fáil le tabhairt fúthu i dtríú tíortha ar mhaithe le ceann amháin nó níos mó de na bearta faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a), (b) agus (c) a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1), déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, ar bhonn gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), clár a tharraingt suas maille lena shonraíocht agus roghnóidh siad, trí iarratas poiblí ar thairiscintí, an comhlacht cur chun feidhme don chlár atá beartaithe aige a chómhaoiniú."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) de mhír 3:

"b) comhréireacht an chláir agus an chomhlachta bheartaithe leis an Rialachán seo, nuair is gá, agus leis na gníomhartha tarmligthe is infheidhme;"

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Chun críocha an Choimisiúin a dhéanfaidh scrúdú ar na cláir, beidh feidhm le hAirteagal 7(2) agus Airteagal 8."

(e) scriostar mír 5.

(4) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"Tar éis an coiste dá dtagraítear in Airteagal 16b(1) a chur ar an eolas nó, i gcás inar gá sin, an coiste um fheirmeoireacht orgánach a bunaíodh le hAirteagal 38e de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha* nó an Coiste um Beartas Cáilíochta do Tháirgí Talmhaíochta a bunaíodh le hAirteagal [54] de Rialachán Uimh. XXX/201X de XX Xxxxx 201X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta táirgí talmhaíochta**, d'fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a chur i gcrích:

* IO L 189, 20.7.2007, lch. 1.

**IO L …."

(5) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) Scriostar an dara fomhír de mhír 2.

(b) Cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

"4. Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na coinníollacha faoina ndéanfaidh na Ballstáit na comhlachtaí cur chun feidhme atá roghnaithe a fhormheas mar aon leis na coinníollacha faoina bhféadfar eagraíocht tairisceana a údarú chun codanna ar leith den chlár a chur chun feidhme í féin."

(2) In Airteagal 12, cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

"3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh a bhaineann le húsáid faisnéise agus ábhair chur chun cinn agus le faireachán ar chláir."

(3) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. De mhaolú ar Airteagal [XXX seanAirteagal 180 de Rialachán 1234/2007] de Rialachán (AE) XXXX/20.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* an …. [lena mbunaítear comheagraíocht den mhargadh i dtáirgí talmhaíochta (Rialachán maidir le CEM Aonair)] [CEM ailínithe] agus Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh 1184/2006 ón gComhairle an 24 Iúil 2006 lena ndéantar rialacha áirithe iomaíochta a chur i bhfeidhm maidir le táirgeadh agus trádáil earraí áirithe talmhaíochta**, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107, Airteagal 108 agus Airteagal 109 den Chonradh maidir le híocaíochtaí a rinne Ballstáit, lena n-áirítear a rannpháirtíochtaí airgeadais, ná leis na rannpháirtíochtaí airgeadais ó tháillí paraifhioscacha nó ranníocaíochtaí sainordaitheacha ó Bhallstáit nó ó eagraíochtaí tairisceana le cláir atá i dteideal tacaíochta ón Aontas faoi Airteagal 42 den Chonradh, atá roghnaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

* IO L…….

** IO L 214, 4.8.2006, lch. 7"

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"7. Ní bheidh oibríochtaí faisnéise agus cur chun cinn a fhaigheann tacaíocht faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) * incháilithe do ranníocaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach faoin Rialachán seo.

8. Déanfaidh eagraíochtaí tairisceana urrúis a thaisceadh mar ráthú ar chur chun feidhme cuí na gclár agus gearrfar pionóis ar eagraíochtaí tairisceana má theipeann orthu a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

9. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na rialacha mionsonraithe a bhaineann le maoiniú na gclár a fhormheastar faoin Rialachán seo,

(b) conarthaí a thabhairt i gcrích ar mhaithe le cur chun feidhme na gclár a fhormheastar faoin Rialachán seo,

(c) soláthar urrús ó na heagraíochtaí tairisceana agus na rialacha mionsonraithe maidir lena scaoileadh,

(d) na rialacha mionsonraithe a bhaineann le híocaíochtaí neamhdhlite agus gnóthú na n-íocaíochtaí sin,

(e) na rialacha mionsonraithe maidir le seiceálacha a bheidh le déanamh ag Ballstáit agus na pionóis a d'fhéadfaí a ghearradh ar eagraíochtaí tairisceana.

* IO L 277, 21.10.2005, lch. 1."

(12) Scriostar Airteagal 15 agus Airteagal 16.

(13) Cuirtear Airteagal 15a, Airteagal 16a agus Airteagal 16b isteach mar seo a leanas:

*"Airteagal 15a*
**Cumhachtaí an Choimisiúin**

Nuair a thabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, beidh feidhm ag Airteagal 16*a*.

Nuair a thabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, gníomhóidh sé i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16*b*.

*Airteagal 16a*
**Feidhmiú an tarmligin**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Is ar feadh tréimhse neamhchinntithe a thabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ón uair a chuirtear Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, cuirfear 2 mhí leis an tréimhse sin.

*Article 16b*
**Gníomhartha cur chun feidhme – coiste**

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún an Coiste um Chomheagraíocht na Margaí Talmhaíochta a bunaíodh le hAirteagal 323(2) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/20.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * an …. [lena mbunaítear comheagraíocht an mhargaidh i dtáirgí talmhaíochta (Rialachán maidir le CEM Aonair)] [*CEM ailínithe*]. Coiste a bheidh ann i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún**.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

   * IO L…….

   ** IO L 55, 28.2.2011, lch.13."

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

*"Airteagal 17*
**Comhairliúchán**

Sula nglacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa Rialachán seo, féadfaidh sé dul i gcomhairle leis na grúpaí seo a leanas:

(a) an Grúpa Comhairleach maidir le Cur Chun Cinn Táirgí Talmhaíochta arna bhunú le Cinneadh 2004/391/CE ón gCoimisiún;

(b) grúpaí oibre teicniúla ad hoc atá comhdhéanta de bhaill an choiste nó de shaineolaithe i gcur chun cinn agus i bhfógraíocht."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS

| | | |
|---|---|---|
| 1. | CEANNTEIDEAL BUISÉID:<br>Caibidil 05: talmhaíocht agus forbairt tuaithe. | LEITHREASAÍ:<br>LO: EUR 57 292 184 763<br>LÍ: EUR 55 269 004 060 |
| 2. | TEIDEAL:<br>Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 maidir le bearta soláthair faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha. | |
| 3. | BUNÚS DLÍ:<br>Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. | |
| 4. | AIDHMEANNA:<br>Cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle a shainaithint agus an nós imeachta iomchuí maidir le glacadh na ngníomhartha sin a bhunú (an rialachán a ailíniú le Conradh Liospóin) | |

| | | TRÉIMHSE 12 MHÍ (EUR milliún) | AN BHLIAIN AIRGEADAIS REATHA [2011] (EUR milliún) | AN BHLIAIN AIRGEADAIS INA DHIAIDH SIN [2012] (EUR milliún) |
|---|---|---|---|---|
| 5. | IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS | | | |
| 5.0 | CAITEACHAS A GHEARRTAR<br>- ARNA GHEARRADH AR BHUISÉAD AN AE (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA)<br>- BUISÉID NÁISIÚNTA<br>- EILE | - | - | - |
| 5.1 | IONCAM<br>- ACMHAINNÍ DÍLSE AN AE (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM)<br>- NÁISIÚNTA | - | - | - |

| | | [2013] | [2014] | [2015] | [2016] |
|---|---|---|---|---|---|
| 5.0.1 | CAITEACHAS MEASTA | - | - | - | - |
| 5.1.1 | IONCAM MEASTA | - | - | - | - |

| | | |
|---|---|---|
| 5.2 | MODH DON RÍOMH: | |
| 6.0 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASAÍ A CUIREADH ISTEACH SA CHAIBIDIL ÁBHARTHA DEN BHUISÉAD REATHA? | IS FÉIDIR ~~NÍ FÉIDIR~~ |
| 6.1 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ LE TRASDUL IDIR CAIBIDLÍ AN BHUISÉID REATHA? | IS FÉIDIR ~~NÍ FÉIDIR~~ |
| 6.2 | AN mBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH? | ~~BEIDH~~ NÍ BHEIDH |
| 6.3 | AN mBEIDH GÁ LEITHREASAÍ A CHUR ISTEACH I mBUISÉID AMACH ANSEO? | ~~BEIDH~~ NÍ BHEIDH |

BARÚLACHA:
Is é is cuspóir don togra seo an Rialachán ón gComhairle a ailíniú le Conradh Liospóin; níl aon tionchar ag an togra seo ar chaiteachas buiséadach.